

79G

# Modúl 4

# Sealgairí na Clochaoise

*Taithí a fháil ar scileanna sealgaireachta an ama atá thart*

## Comhtháthú agus Nascadh Curaclaim

*Féach Treoirlínte an Mhúinteora (as Béarlá amháin) le breis eolas a fháil*

## OSIE Stair

### RANGANNA NAÍONÁN

**SNÁITHE: Scéalaíocht**
Snáithaonad: Scéalta

### RANG 1 & 2

**SNÁITHE: Mise agus mo mhuintir**
Snáithaonad: Féastaí agus féilte san am atá thart

**SNÁITHE: Scéalaíocht**
Snáithaonad: Scéalta

### RANG 3 & 4

**SNÁITHE: Staidéir Áitiúla**
Snáithaonad: Féastaí agus féilte san am atá thart

**SNÁITHE: Scéalaíocht**
Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

**SNÁITHE: Pobail agus sochaithe ársa**
Snáithaonad: Pobail na Clochaoise

**SNÁITHE: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama**
Snáithaonad: Bia agus feirmeoireacht

### RANG 5 & 6

**SNÁITHE: Staidéir Áitiúla**
Snáithaonad: Féastaí agus féilte san am atá thart

**SNÁITHE: Scéalaíocht**
Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart
Snáithaonad: Miotais agus finscéalta

**SNÁITHE: Pobail agus sochaithe ársa**
Snáithaonad: Pobail na Clochaoise

**SNÁITHE: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama**
Snáithaonad: Bia agus feirmeoireacht

## NASCADH



**OSIE Tíreolaíocht**
- Imshaoil dhaonna
- Imshaoil nádúrtha



**OSIE Eolaíocht**
- Dúile beo
- Fuinneamh agus fórsaí
- Ábhar
- Feasacht agus cúram imshaoil

## COMHTHÁTHÚ



**Matamaitic**
- Luathghníomhaíochtaí matamaiticiúla
- Uimhreas
- Cruth agus spás
- Sonraí
- Tomhais



**Na hAmharcealaíona**
- Líníocht
- Tógáil
- Fabraic agus snáithín



**Drámaíocht**
- Iniúchadh agus déanamh drámaíochta
- Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta



**OSPS**
- Mise
- Mise agus daoine eile
- Mise agus an domhan mór




**Gaeilge**
- Éisteacht
- Labhairt
- Scríbhneoireacht
- Léitheoireacht



**English**
- Receptiveness to language
- Competence and confidence
- Developing cognitive abilities through language
- Emotional and imaginative development through language

*"Is spraoi iontach í an tseandálaíocht. An rud ab fhearr liom ná an tsaighead is bogha. Rinneamar rudaí iontacha"*

Dalta Rang 3





## CUSPÓIR

Taithí phearsanta a thabhairt do na daltaí ar scileanna an tsealgaire Chlochaoise. (Méisiliteach)

## AOISGHRÚPA

Tá an modúl seo oiriúnach do gach rang leibhéal.
Chun an modúl a láimhseáil i gceart do gach aoisghrúpa, féach Treoirlínte an Mhúinteora (ar fáil as Béarla amháin).

## ÁBHAIR AGUS FEARAS

- Saighead: bata díreach tanaí (fad c.1m, trastomhas. c. 1-1.5cm). Is iad fuinseog atá bliain d'aois nó seiceamar óg na cinn is oiriúnaí.
- Bogha: déanta de bhata níos tibhe (fuinseog nó seiceamar óg) (fad 1.5m – 1.8m; trastomhas c. 2cm)- caithfidh sé bheidh solúbtha ach láidir.
- Téad nó sreangán láidir.
- Ceann saighde: cloch bhiorach, bheag, chothrom, breochloch más féidir teacht uirthi). Is foinse mhaith iad na hlonaid Gharraíodóireachta, nó na cloichíní scaoilte a mbíonn ar an mbóthar.
- Sreang nó olann (chun an ceann saighde a cheangal).
- Targaid (target)

### Bileoga Oibre (BO)


- Na Séasúir ag athrú (**BO1**)
- Ag úsáid cloch ghéar (**BO3**)
- Ainmhithe Ceansaithe agus Fiáine (**BO2**)
- Biachlár na Clochaoise (**BO4**)


## ULLMHÚCHÁN

Bhraith na sealgairí-cnuasaitheoirí ar bhia fiáin.

- Bhí baint láidir ag na séasúir ar a saol (**BO1**)
- D'ith siad na plandaí a bhailigh siad agus na hainmhithe fiáine a mharaigh siad. (**BO2**)
- Rinne siad uirlisí as cloch, breochloch ach go speisialta (**BO3**)

Féach Treoirlínte an Mhúinteora chun an bogha is saigheada a dheánamh.









# Tosaímis !

## Suíomh a chruthú

Iarr ar na daltaí iad féin a shamhlú mar shealgairí na Clochaoise (nó sealgairí printíseacha sna ranganna sóisearacha). Tá an teaghlach ag brath orthu chun feoil úr a thabhairt ar ais nó ní bheidh bia ar bith le hithe acu. **Caithfidh siad** seilg chun maireachtáil.

## An Ghníomhaíocht

- Tabhair saighead, píosa téide nó olla agus cloch bheag chothrom bhiorach cosúil le ceann saighde do gach dalta.
- Taispeáin do na daltaí conas an ceann saighde a chur isteach sa scoilt ar bharr na saighde agus é a cheangal le píosa téide nó olla. Ansin iarr ar na daltaí é a dhéanamh.
- Cuir targaid – macasamhail ainmhí fhiáin – sa chlós fad oiriúnach ó na daltaí (muc bheag bhréige ar bhosca bruscair bun os cionn, m.sh.) Marcáil líne ar an talamh. Is féidir leis na daltaí scuaine a dhéanamh taobh thiar den líne agus saighead a scaoileadh duine ar dhuine.
- Is féidir leis na daltaí an tsaighead a úsáid mar shleá tar éis dhá iarracht – b'fhéidir go mbeidh seans níos fearr acu an targaid a bhualadh.

## Gníomhaíocht Dheiridh

Ainmnigh na daltaí ar éirigh leo an targaid a bhualadh – is daoine tábhachtacha iad na daoine ar féidir leo bia a thabhairt abhaile. Cén fhoinse de bhia fiáin a bheadh acu?

Rugadh leanbh agus tá féasta eagraithe chun an ócáid a cheiliúradh. Scríobh amach an biachlár don fhéasta ag déanamh cinnte nach mbeidh ach bia fiáin ar fáil. (**BO4**)

## Naisc Ghréasáin

Naisc Ghréasáin

*Fáilte romhat go dtí an Chlochaois*
**museums.ncl.ac.uk/flint/menu.html**

### Loga an Mhúinteora

*"Fuair na daltaí an-léargas ar shaol an tsealgaire mar go raibh boghanna agus saigheada dá gcuid féin acu".*

*Múinteoir Rang 4*

**Bí cúramach le rudaí géara. Bíonn maoirseacht dhian i gceist le scaoileadh saighead.**




### Téarmaí

- Méisiliteach
- Sealgairí - cnuasaitheoirí
- Breochloch